

# Ráiteas an Cathaoirligh

*Seán Ó Ráighne*

Fiche bliain a' teacht

Fiche bliain ar stad

Fiche bliain ar meath

Fiche bliain ar chuma dó ann nó as

**T**á an dá scór bliain bainte amach ag Cumann Forbartha Cois Fharraige i mbliana agus níl na focla “stad” ná “meath” ar chlár na cruinnithe fós – thuas seal thíos seal b'fhéidir, ach ag treabhadh leis i gcónaí ar mhaithe le pobal Chois Fharraige.

Is iomaí cloch timpeall an cheantair a bhfuil iontú baint astu ó thosaigh an cumann agus a scéal fhéin acu uilig. Bhuel níl sé i gceist agamsa stair an chumainn a insint anseo cé go bhfuil stair aige a bhfuil fiúntas ag baint leis mar tá sé mar eiseamláir thábhachtach d'aon phobal a bheadh ag iarraidh a cheantar fhéin a chur chun cinn. Tá iarracht déanta san eagrán seo de Bhiseach blaiseadh beag den stair sin a thabhairt dhíbh, áfach.

D'imir an chumann tionchur nach beag ar imeachtaí áitiúla, Gaeltachta agus naisiúnta agus chuaigh an tionchur sin i bhfeidhm go fábharach ar phobal an cheantair seo, ar phobal na Ghaeltachta agus ar phobal na Gaeilge. Tá creistiúint mhór ag dul do na daoine uilig a thóg páirt sa gCumann Forbartha agus an iliomad cumann eile atá ag



*Seán Ó Ráighne*

treabhadh cúrsaí difriúla sa gceantar a cabhraigh ar bhealach ar bith leis na hiarrachtaí agus leis na beartais fhorbartha a chuir an Cumann rompu – nár laga Dia

sibh. Beidh an cruinniú cinn bhliana againn i mí na Samhna agus bheadh sé go deas cúpla éadan nua a fheiceáil ag teacht agus ag glacadh páirt “ar fhaitíos go dtosóidh an meath”.

Tá comóradh céid Mháirtín Uí Cadhain ar siúl i mbliana freisin agus mar pháirt de sin tá athfhoilsiú san eagrán de “Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca” agus cé go foilsíodh é ar dtús i 1969 tá a chuid smaointe fós tráthúil agus is fiú go mór iad a léamh arís. Tá súil agam go bainfidh sibh taitneamh as an eagrán speisialta seo de Bhiseach agus os rud é go bhfuil muid fhéin imithe ar an mbóthar céanna leis na siopaí móra agus Biseach amuigh níos luaithe arís i mbliana, níl le déanamh agamsa ach Nollaig mhór mhaith a ghuí oraibh go léir, agus go mbeire muid beo ar an am seo arís.